BEALTAINE 2020

# AN RANNÁN CULTÚIR

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Nuachtlitir
Eagrán Speisialta - Covid 19 2020



## FÁILTE

**Eibhlín Brugha**

Fáilte chuig an chéad eagrán den nuachtlitir leictreonach seo ó Rannán Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Agus an galar COVID-19 ag déanamh dochar mór, tá béim faoi leith anois ar chultúr, ar chruthaitheacht agus ar shamhlaíocht mar chuid den dóigh le cúram agus aire a thabhairt dúinn féin agus do dhaoine eile.   An ndéanfaimid dearmad go deo ar íomhánna de cheoltóirí clasaiceacha amuigh ar a gcuid balcóiní ag seinm ceoil dá gcomharsana, nó ar theaghlaigh ag déanamh aithris ar shaothair ealaíne chlúiteacha?   Níos mó ná riamh, tuigimid an tábhacht atá le gníomhaíochtaí laethúla amhail an léitheoireacht, scríbhneoireacht, líníocht, amhránaíocht, ceol, tuiscint ar an oidhreacht áitiúil agus ar stair áitiúil, a bheith amuigh faoin spéir, agus fiú ag caint lena chéile ar aon dóigh agus is féidir. Cuireann leabharlanna, ealaíona, oidhreacht, cultúr agus cruthaitheacht, d'achan chineál, go mór le caighdeán an tsaoil atá againn.

Mar sin de, dar linn gur seo an t-am le roinnt eolais a chur le chéile faoin dóigh le dul i dteagmháil linn agus faoi na seirbhísí atá againn - cuid acu atá iontach úr agus cruthaitheach, agus iad uilig sultmhar agus pléisiúrtha - gan fiú a lua go bhfuil siad saor in aisce.   Nach deas sin?

Fan slán sábháilte, lean na treoracha poiblí sláinte, agus tar linn agus muid ar an bhóthar go dtí saol úr difriúil.

## Cruinniú na nÓg

Beidh Cruinniú na nÓg, an lá náisiúnta le haghaidh cruthaitheachta i measc na n-óg, ar siúl Dé Sathairn 13 Meitheamh. Tá imeachtaí á bpleanáil de réir na comhairle maidir le Covid-19 & tá iarrachtaí móra á ndéanamh lena chinntiú go bhfuil sé chomh rannpháirteach & is féidir. De réir mar a dheimhnítear eolas faoi imeachtaí cuirfear sin ar shuíomh idirlín Chruinniú na nÓg. Tá Cruinniú na nÓg mar chuid de Chlár Éire Ildánach.

## SPLÉACHADH AR A BHFUIL ISTIGH:


Leabharlanna L2
Ionad Cultúrtha Réigiúnach L3
Ealaíona L4
Oidhreacht L5
Músaem L6
Cartlann L7




**Tá muid anseo duit ar líne**

Is trua linn nach bhfuil muid in ann bualadh libh ná castáil libh le linn an drochama seo, agus tá muid ag súil go mór le sibh a fheiceáil arís nuair a bheas an saol ina cheart.  Idir an dá linn, tá sé tábhachtach go bhfanóchaidh muid uilig slán sábháilte sa bhaile.

Bhí muid ag obair go crua sa chúlra chun neart rudaí a chur ar fáil duit ar líne, ar nós:

- Irisí ar líne
- Leabhair leictreonacha
- Nuachtáin ar líne
- Foghlaim ar líne
- Taighde ar líne

Thig le baill den leabharlann acmhainní ar líne a úsáid leis an uimhir ar a gcárta leabharlainne agus a n-uimhir phearsanta PIN. Má tá uimhir chárta leabharlainne agat ach dearmad déanta agat ar do PIN, bain triail as é a athshocrú. Oibreoidh seo má tá seoladh ríomhphoist de do chuid cláraithe linn.

Mura bhfuil tú i do bhall go fóill, is féidir leat clárú ar line.

Má tá aon cheist nó aon tuairim agat, déan teagmháil linn trí ríomhphost, ar an ghuthán, nó ar na meáin shóisialta. Tabhair spléachadh ar ár ranganna teagaisc ar líne le feiceáil cé chomh furasta agus atá sé na háiseanna ar líne a úsáid.

Tá béim againn ar leabhair agus go leor eile lena chois. Cara sa chúirt agat é do chárta beag!

**Ag Foghlaim Gaeilge**

An bhfuil aithne agat ar aon duine ar mhaith leo Gaeilge a fhoghlaim, nó ar mhaith leat féin feabhas beag a chur ar do chuid Gaeilge féin? Tá seirbhís iontach ag Transparent Languages chun cuidiú le daoine ag gach cumas teanga cur lena gcuid scileanna éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríofa.

**Scéalaíocht an Earraigh ar Facebook**

Tá Scéalaíocht an Earraigh ar siúl againn faoi láthair - sraith náisiúnta scéalaíochta gach bliain do pháistí - ar an leathanach facebook s'againn. Buail isteach chuig an Údar as Dún na nGall, Malachy Doyle, Dé Sathairn 2 & 9 ar 10.30am le haghaidh rud beag scéalaíochta. Níos moille sa mhí, coinnigh súil amach fá choinne tuilleadh spraoi agus damhsa le Bernie ó Boogie Bugs, agus roinnt scéalta cultúrtha ón scéalaí Karen Edwards. Lean muid ar na meáin shóisialta fá choinne scéalta agus eolais ó leabharlanna ar fud na tíre.

Healthy Ireland at your Library

**Éire na Sláinte**

Mar chuid den chlár *Éire na Sláinte i do leabharlann* áitiúil tá lúcháir ar Chomhairle Contae Dhún na nGall a fhógairt go mbeidh an síceolaí David Coleman ag teacht chuig an Lárleabharlann, Leitir Ceanainn go luath. Is togra náisiúnta é Éire na Sláinte i do Leabharlann a bhfuil sé de chuspóir aige eolas a scaipeadh maidir le trí réimse: Bia Sláintiúil, Aclaíocht Fhisiciúil agus Sláinte Intinne.

Ba mhaith linn go roghnódh an pobal i nDún na nGall an t-ábhar a dtabharfaidh David Coleman caint air.  Seo a leanas na sé ábhar ónar féidir rogha a dhéanamh:

- Cumarsáid éifeachtach le páistí & le déagóirí
- Ag plé le himní agus buairt ar pháistí & ar dhéagóirí
- Bulaíocht & Bulaíocht ar líne
- Féinmheas a fhorbairt i bpáistí & i ndéagóirí
- Ag tacú leis an athrú ón Bhunscoil go dtí an Mheánscoil
- Tuismitheoireacht dhearfach & smachtú éifeachtach.

Cuir do rogha féin trí ríomhphost chuig kevin.mccaul@donegalcoco.ie & fógrófar torthaí na vótála, chomh maith le sonraí ó thaobh am agus dáta na hócáide, ar na meáin shóisialta s'againn.

# AN tIONAD CULTÚRTHA RÉIGIÚNACH

**#EalaínSaBhaile**

Seoladh togra ealaíne i mí Mhárta le haghaidh daoine óga a bhfuil dúil acu san ealaín. Cuirtear dúshláin ealaíne suas go laethúil ar an leathanach facebook 'RCC for Kids' & tá chóir a bheith 6,000 teaghlach as gach cearn den domhan cláraithe anois.

**Spreagadh Cianda: Dialann de Ghrianghrafanna ó Dhún na nGall le linn COVID-19**

Tá muid ag iarraidh ar phobal Dhún na nGall cuidiú linn a saol le linn COVID-19 a thaifeadadh. Cuirfear rogha de na grianghrafanna i gcló & ar taispeáint san Ionad Cultúrtha Réigiúnach go luath amach anseo. Tá 1,500 grianghraf, a ghlac breis & 600 ball, curtha isteach sa chéad 4 seachtaine.

**Ealaíontóir Cónaithe Fíorúil**

Tá lúcháir orainn a bheith ag obair leis an amharclannóir & an scríbhneoir Little John Nee, an t-ealaíontóir amhairc Redmond Herrity, an t-ealaíontóir digiteach Joe Fahy agus an t-aisteoir & drámadóir Maura Logue san Earrach. Déanfaidh Maura Logue 'Through the Red Door' - Scéalta dúchasacha Éireannacha beo cois tine - a chur i láthair ar leathanach facebook an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh Dé Céadaoin 6, 13 & 20 Bealtaine. Tá sé seo á chur i láthair i gcomhpháirt le hOifig Ealaíne Dhún na nGall. Chuir Little John Nee tús lena chónaitheacht ar an 26 Márta agus déanann sé seisiúin bheo amharclannaíochta ar leathanach facebook an Ionaid Chultúrtha Réigiúnaigh gach Déardaoin ar 8pm.

**Taispeántas Fíorúil**

Beidh dhá thaispeántas ar siúl ag an Ionad Cultúrtha le linn mhí na Bealtaine sa Ghailearaí fíorúil úr s'againn Minecraft. Is é an t-ealaíontóir digiteach as Dún na nGall Joe Fahy a rinne an spás seo a dhearadh & beidh ealaíontóirí as gach cearn den domhan ag cur saothar 2D ar taispeáint ann.



*Poets involved in Lake of Eyes Online Poetry Reading*

**Léamh Filíochta ar Líne, Lake of Eyes**

I gcomhar le Denise Blake, Emily S Cooper & Aodán McCardle. Is iad an tIonad Cultúrtha & Éigse Éireann a chuirfidh an léitheoireacht bheo seo i láthair Dé hAoine 1 Bealtaine, 8pm, & beidh sé ar fáil do gach duine ach is gá clárú.

**Ábhar Coimeádta san Ionad Cultúrtha - Taispeántas Instragram**

Tá muid i ndiaidh cuireadh a thabhairt d'ealaíontóirí, do choimeádóirí & d'fhilí dul i mbun ár gcuntais úir ina bhfuil Ábhar Coimeádta san Ionad Cultúrtha le go dtig leo a saothar & a smaointe a chur i láthair. Déanfaidh gach ealaíontóir ábhar coimeádta a chur i láthair go ceann seacht lá. Is iad na chéad aíonna a bhí againn ná Charlie Joe Doherty, Philip Moss & Selena Mowat.

**Ceol agus Coraintín**

Áit le do dhúil sa cheol, sa scéalaíocht & san fhilíocht a chomhroinnt. Seoladh an grúpa idirlín seo an lá i ndiaidh gur druideadh gach foirgneamh síos don phobal & tá breis & 1,300 ball acu anois, & bíonn sruthanna beo ar líne gach lá ó ar fud Dhún na nGall, & bíonn cuid de na ceoltóirí is fearr dá bhfuil againn air. Tuilleadh eolais ar an suíomh idirlín s'againn.

**Ceolta an RCC - Seinnliosta an Phobail**

D'iarr muid ar roinnt ceoltóirí & daoine le suim ar leith sa cheol seinnliosta dá gcuid féin a chur i dtoll a chéile faoina rogha féin téama. Eiseofar an seinnliosta pobail, atá roghnaithe ag ceoltóirí le comhluadar & cuideachta a sholáthar dúinn le linn na tréimhse seo, ar a laghad faoi dhó sa tseachtain.



*Zandra Queen of Jazz*

**Deiseanna d'Fhís-Ealaíontóirí**
Bhí an tSeirbhís Ealaíne agus an Oifig Oidhreachta ag cuidiú le hOifig Bóithre Naisiúnta Dhún na nGall maidir leis na conarthaí fá choinne dhá phíosa d'ealaín phoiblí a chuirfear suas ar dhá scéim bóthair a bhfuiltear ag obair orthu le tamall; an N56 ó Chúl Buí go Cill Mhic Réanáin (féach an grianghraf), agus An Clochán Liath go dtí na Gleannta.

Beidh téama Cholm Cille ag an Scéim ó Chúl Buí go Cill Mhic Réanáin, rud a thacóidh go mór leis na cuimhneacháin le haghaidh Colm Cille 1500 a bheas ar siúl ar fud an chontae in 2021. Agus i dtaca leis an scéim ó An Chlochán Liath go dtí na Gleannta iarrfar ar ealaíontóirí a gcuid smaointe a dhíriú ar an rotharbhealach atá ina ghné thábhachtach den togra sin.

Tagann na conarthaí ealaíne seo faoi Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon, scéim rialtais leis na healaíona poiblí a chur chun cinn mar chuid de mhóroibreacha poiblí.

Fógrófar an dá choimisiún seo sna seachtainí amach romhainn. Aon fhís-ealaíontóir atá ag iarraidh fógra díreach a fháil faoi seo is féidir sin a chur in iúl don tSeirbhís Ealaíne ag traolach@donegalcoco.ie




*Grianghraf: buíochas le hOifig Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall*

**Drámaí Úra don Fhómhar**
Tá ullmhúcháin ar siúl don 20ú Féile de chuid Chuan Dhún na nGall & na gCruach Gorm a bheas ar siúl i mbailte, i sráidbhailte & i bpobail tuaithe éagsúla. Táthar ag caint go mór ar dhá dhráma úra a dhéanfaidh ceiliúradh ar shaol mná a raibh an-cheangal acu le Dún na nGall.

Déanann 'Sister Black' leis an aisteoir & amharclannóir Margaret Hannon ceiliúradh ar an oibrí sláinte ó Ráth Mealtain le linn an Dara Cogadh Domhanda, Catherine 'Blackie' Black, OBE, & insíonn 'Zandra Queen of Jazz' le Roseanna Lynch dúinn faoi scéal beatha dochreidte an cheoltóra Alexandra Mitchel, a chaith an chuid dheireanach dá saol i dTeach Cúl Mór, Ros Neamhlach. Bhí Alexandra ar dhuine de na sacsafónaithe is mó clú lena linn. Is iomaí camchuairt a rinne sí le ensemble iomlán ban ar fud na Ríochta Aontaithe & Mhór-Roinn na hEorpa, an Ghearmáin ina measc, sna blianta sin suas go dtí tús an Dara Cogadh Domhanda.

Is féidir an dá sheó a fheiceáil in Ionad Ealaíon & Cultúrtha na Mainistreach, Béal Átha Seanaidh sa chéad seachtain de mhí Dheireadh Fómhair



*Grianghraf: Joseph Gallagher*

**Suirbhé ar an Earnáil Oidhreachta**

Tá an Chomhairle Oidhreachta i mbun Suirbhé ar an Earnáil Oidhreachta ar líne maidir le tionchar Covid-19. Tá suim acu tuairimí a fháil ó eagraíochtaí, ó choistí pobail & ó shaineolaithe oidhreachta. Bheimis buíoch díot dá nglacfá cúpla bomaite leis an tsuirbhé a líonadh isteach roimh mheán oíche, Dé Céadaoin 6 Bealtaine.

**'Scéalta ó Thaobh an Uisce'**

Tá comórtas scéalaíochta ar oscailt & ag glacadh le hiarratais go dtí an Domhnach 31 Bealtaine. Is é Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil atá á reáchtáil, le tacaíocht ó Líonra na nOifigeach Oidhreachta, An Chomhairle Oidhreachta, Iascaigh Intíre na hÉireann & Uiscebhealaí Éireann.  Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo.


**Sraith Dathúcháin do Pháistí -**
**Láir Bhaile in Éirinn**

Curtha le chéile ag An Chomhairle Oidhreachta. Tá Béal Átha Seanaidh (leis an Clr. Barry Sweeny) & Leitir Ceanainn (le John Ruddy) ann fosta. Tabhair spléachadh orthu & bí ag dathú isteach.




**Na Labhrais - Pobal, Ceantar agus Próis**

Táthar ag glacadh le hiarratais le haghaidh 'Na Labhrais - Pobal, Ceantar agus Próis' - togra taighde ar Bhaile Beag & 'Na Labhrais' na Gleannta, de chuid Bhriain Uí Fhríl - go dtí An Aoine, 8 Bealtaine ar 4pm.
Tá na téarmaí tagartha ar fáil anseo.




**Leabhrán ar an Gharraíodóireacht**
**don Bhithéagsúlacht**

Tá leabhrán curtha le chéile ag Juanite Browne, i gcomhpháirt le Líonra na nOifigeach Oidhreachta, a thugann eolas faoi na rudaí a thig leat a dhéanamh chun tacú leis an fhiadhúlra i do ghairdín. Tá an leabhrán seo ar fáil, chomh maith le Leabhar Dathúcháin do pháistí ar an Gharraíodóireacht don Bhithéagsúlacht.  Ná déan dearmad go mbeidh Lá Idirnáisiúnta na Bithéagsúlachta ar siúl Dé hAoine 22 Bealtaine:

Leabhrán Bithéagsúlachta

Leathanaigh Dathúcháin Bithéagsúlachta

**Stair ár linne féin -**
**Eolas a bhailiú ar shaol na ndaoine i nDún na nGall le linn COVID-19**

Tá an Rannán Cultúir ag bailiú eolais go díreach ó réimse leathan daoine - i bpoist éagsúla, i róil éagsúla sa phobal, i gcomhthéacsanna éagsúla teaghlaigh - faoin saol laethúil atá acu le linn Covid-19 maidir le Scaradh Sóisialta, Féin-Aonrú & Clutharú. Tá muid ag iarraidh ar dhaoine litreacha, dialanna, líníochtaí, grianghraif nó físeáin a chur isteach chugainn. Tá suim againn fosta rudaí éagsúla a bhaineann le COVID-19 a bhailiú, ina measc Trealamh Cosanta Pearsanta (nuair nach bhfuil sé de dhíth níos mó), póstaeir, bileoga etc. Úsáidfear an t-ábhar uilig chun cuidiú linn bailiúchán a chur le chéile lena n-inseofar scéal Dhún na nGall le linn na paindéime.

**#Oidhreachtsabhaile**

Tá an Músaem ag postáil go rialta ar na meáin shóisialta faoin haischlib #Oidhreachtsabhaile chun daoine a spreagadh lena scéalta agus íomhánna laethúla oidhreachtúla a chomhroinnt.




*Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall*




*Grianghraf: Cinematic Sky*

**Togra Ríomhscannáin**

Mar chuid den togra CINE NPA / Interreg tá an Músaem ag obair leis an phobal ar Oileán na hInse chun taispeántas fíorúil iarsmalainne a chruthú a dhéanfaidh oidhreacht ar leith an oileáin a fhiosrú. Mar thoradh ar obair atá déanta i gcomhpháirt leis an Scoil Ríomhaireachta, Innealtóireachta agus Córais Chliste in Ollscoil Uladh seolfar suíomh idirlín úr ar www.inchheritage.org i mí na Bealtaine.

**Taispeántais Fhíorúla**

Tá roinnt taispeántas agus foilseachán roimhe seo curtha suas ar leathanach idirlín an Mhúsaem, agus tá eolas orthu le fáil ar ár gcuid meán sóisialta.



**Macallaí na Staire**

Tá muid i ndiaidh togra ar líne ó bhéal a dhéanamh go sealadach den togra Peace IV Macallaí na Staire de chuid na Cartlainne/an Mhúsaem. Tá an togra seo oscailte do gach duine a bhfuil suim acu sa stair áitiúil, idir óg & aosta. Tá muid i ndiaidh foinsí, acmhainní, treoracha, ceistneoirí & ceardlanna ar an tréimhse seo sa stair a chur le suíomh idirlín na Cartlainne.

Tá dúshláin á gcur suas ar Facebook trí lá sa tseachtain, e.g., An dtig leat inse dom faoin saol mar pháiste? Cad é na Scéalta a d'insítí duit? Cad é na bréagáin a raibh dúil agat iontu?


Thig le grúpaí staire & múinteoirí bheith páirteach sa togra seo go fóill, déan teagmháil le: abarrettmcginley@donegalcoco.ie



*'Na Ceithre Cúirteanna trí thine le linn Chogadh na gCarad', a rinne Alarnagh Barrett McGinley*

**Tabhartais**

Tá an tSeirbhís Cartlainne ag moladh do dhaoine smaointiú ar ábhar cartlainne maidir le stair & cultúr Dhún na nGall a bhronnadh ar Chartlann an Chontae, ach iad a choinneáil slán sábháilte ina dtithe féin go dtí go n-osclóidh muid arís.



*Buíochas: Alarnagh Barrett McGinley*

**Áiseanna Oideachasúla**

Chun cuidiú le múinteoirí & daltaí: tá na pacáistí oideachasúla maidir le hImeacht na nIarlaí & Plandáil Uladh ar fáil ar líne anois. Tá na pacáistí maidir le Dún na nGall & Deich mBliana den Athrú & Contae Dhún na nGall in 1916 ar fáil ar líne cheana féin. Tá roinnt cainteanna a tugadh do mhúinteoirí maidir le Foinsí le haghaidh Stair san Ardteistiméireacht & maidir le foinsí do dhaltaí bunscoile & meánscoile ar fáil ar líne anois.

**Stair Mhuintire**

Tá doiciméad ar áiseanna le haghaidh Taighdeoirí Stair Mhuintire & caint ar na mallaibh maidir le Foinsí Cartlainne le haghaidh an Ghinealais tugtha chun dáta & uaslódáilte ar an suíomh idirlín.

**Nótaí ar Chainteanna ar fáil anois**

Mar chuid den Deich mBliana de Stair na hÉireann tá an Chartlann i ndiaidh cainteanna an chartlannaí a uaslódáil maidir le hOlltoghchán 1918 & An Chéad Dáil & maidir le Dún na nGall & Éirí Amach 1916 & Contae Dhún na nGall in 1916 ar fáil anois.

**Dialanna Covid-19**

I lár mhí an Mhárta d'iarr an tSeirbhís Cartlainne ar dhaoine, ar ár gcuntais Facebook & Twitter, smaointiú ar dhialanna nó cíona lae ar a saol in 2020 a chur isteach lena gcaomhnú sa Chartlann.